Timpeall na Cruinne

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar scéalta nuachta timpeall na cruinne. Ag obair leis an duine in aice leat freagair na ceisteanna seo a leanas:

Cén eachtra mhór a tharla san Iaráic le cúpla lá anuas?

Cén tseirbhís atá curtha ar fáil arís ag na Stáit Aontaithe do mhuintir Háití?

Céard atá ar eolas agat faoi na 'Grammys' a bhí ar siúl le déanaí?

Ceist 2 Sula bhféachann tú ar an mír nuachta, déan iarracht na focail ar chlé a mheaitseáil leis na téarmaí ar dheis.

1. naofa	a. award
2. ionsaithe	b. to be organized
3. teannas	c. holy
4. sláinte	d. attacks
5. gradam	e. treatment
6. ceol tíre	f. health
7. cóir leighis	g. tension
8. le reáchtáil	h. country music

1	2	3	4	5	6	7	8

Ceist 3 Anois féach ar an mír agus déan iarracht na bearnaí thíos a líonadh leis na focail *i gcló iodálach.*

Agus ar deireadh, bhí na _____ ar fad i saol an cheoil i láthair aréir ag na Grammys i Los Angeles. Ach ba í Beyonce a rinne sciob sceab ___ _____ ar na _____ , ag tabhairt sé _____ ar fad abhaile léi. Ina measc, _____ d'amhrán na bliana *Single Ladies*. Thug an t-amhránaí ceol tíre Taylor Swift, nach bhfuil ach _____ bliain d'aois, ceithre ghradam léi agus bronnadh gradam saoil ar Mhichael Jackson.

scór, réaltaí, ghradam, aréir, gradaim, gradam

Ceist 4 Féach ar an mír don dara huair agus déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

1. Cé mhéad duine a maraíodh san Iaráic?
2. Cé mhéad ciliméadar é ón gcathair naofa Karbala go Bagdad?
3. Cén lá ar cuireadh deireadh leis na heitiltí?
4. Cén fáth go bhfuil na céadta tugtha ó Háití go Meiriceá cheana?
5. Cá raibh na Grammys ar siúl?
6. Cén aois atá ag Taylor Swift?

Ceist 5 **a).** Cén fáth nach gcuirtear urú ar '*saol*' san abairt '*réaltaí ar fad i saol an cheoil*'

b). Déan iarracht anois urú a chur ar na focail thíos, más gá.

1. **Bád** Bhí go leor daoine ar an _____
2. **Sliabh** Maireann na caoirigh ar an _____
3. **Teach** Tá sé i _____cónaithe anois.
4. **Clós** Níl múinteoir ar bith ar an _____.
5. **Feithicil** Tá rothaí móra ar an _____ sin.
6. **Mias** Tá tuáille faoin _____.
7. **Gach** Tá fáinne i _____ cáca.
8. **Rothar** Tá Bríd ar an _____ agus Tomás ag siúl.
9. **Pláta** Tá an iomarca beatha ar an _____ sin domsa.

c) Déan iarracht anois na habairtí thíos a aistriú go Gaeilge.

1. I live in Westport.
2. Mícheál lives in Dublin
3. Máire lives in Galway
4. Seán lives in Waterford.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil an Iaráic níos fearr as anois ná nuair a chuaigh Meiriceá isteach ann i 2003?
An bhfuil dóthain á dhéanamh ag tíortha chun cabhrú le Háití?
An cur amú ama iad na searmanais bhronnta ar nós na Grammys?
An bhfuil suim agat iontu?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8
c	**d**	**g**	**f**	**a**	**h**	**e**	**b**

Ceist 3 Agus ar deireadh bhí na **réaltaí** ar fad i saol an cheoil i láthair aréir ag na Grammys i Los Angeles. Ach ba í Beyonce a rinne sciob sceab **aréir** ar na **gradaim,** ag tabhairt sé **ghradam** ar fad abhaile léi. Ina measc, **gradam** d'amhrán na bliana *Single Ladies*. Thug an t-amhránaí ceol tíre Taylor Swift, nach bhfuil ach **scór** bliain d'aois, ceithre ghradam léi agus bronnadh gradam saoil ar Mhichael Jackson.

Ceist 4
1. Maraíodh breis is dhá scór duine san Iaráic.
2. Tá an chathair naofa Kabala ochtó ciliméadar ó Bhagdad.
3. Cuireadh deireadh leis na heitiltí ar an gCéadaoin
4. Tá na céadta tugtha ó Háití go Meiriceá cheana le cóir leighis a fháil.
5. Bhí na Grammys ar siúl i Los Angeles.
6. Tá Taylor Swift scór bliain d'aois.

Ceist 5

a) Cuirtear urú ar fhocal a thagann i ndiaidh an réamhfhocail simplí seo 'i'. Ach **ní féidir** urú a chur ar 's'.

b)
1. Bhí go leor daoine ar an **mbád.**
2. Maireann na caoirigh ar an **sliabh.**
3. Tá sé i **dteach** cónaithe anois.
4. Níl múinteoir ar bith ar an **gclós.**
5. Tá rothaí móra ar an **bhfeithicil** sin.
6. Tá tuáille faoin **mias.**
7. Tá fáinne i **ngach** cáca.
8. Tá Bríd ar an **rothar** agus Tomás ag siúl.
9. Tá an iomarca beatha ar an **bpláta** sin domsa.

c)
1. Tá mé i mo chónaí i **gCathair na Mart.**
2. Tá Mícheál ina chónaí i **mBaile Átha Cliath**
3. Tá Máire ina cónaí i **nGaillimh.**
4. Tá Seán ina chónaí i **bPort Láirge**

Ceist 6 Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Éimear Ní Chonaola

Caithfimid súil anois ar chuid de scéalta idirnáisiúnta eile an lae timpeall na cruinne.

Maraíodh breis is dhá scór duine agus gortaíodh os cionn céad duine nuair a chuir bean a bhí i measc ghrúpa Oilithreachta Shia í féin den tsaol. Bhí na hoilithrigh ag tabhairt a n-aghaidh ar chathair naofa Karbala, ochtó ciliméadar ó dheas de Bhagdad. Tá imní anois go dtarlóidh níos mó ionsaithe ar oilithrigh agus lá mór na n-oilithreach ar siúl Dé hAoine. Tá an-teannas sa tír faoi láthair idir grúpaí Sunni agus Shia agus olltoghchán le reáchtáil sa tír i mí na Márta.
Tá Stáit Aontaithe Mheiriceá le tús a chur in athuair le heitiltí[1] éigeandála le daoine a gortaíodh go dona sa chrith[2] talún i Háití a thabhairt chuig ospidéil i Meiriceá. Stopadh na heitiltí Dé Céadaoin seo caite mar go raibh imní go raibh an iomarca brú á chur ar chóras sláinte Mheiriceá. Tá na céadta tugtha as Háití go Meiriceá cheana féin le cóir leighis a fháil.
Agus ar deireadh, bhí na réaltaí ar fad i saol an cheoil i láthair aréir ag na Grammys i Los Angeles. Ach ba í Beyonce a rinne sciob sceab aréir ar na gradaim, ag tabhairt sé ghradam ar fad abhaile léi, ina measc gradam d'amhrán na bliana 'Single Ladies'. Thug an t-amhránaí ceol tíre Taylor Swift, nach bhfuil ach scór bliain d'aois, ceithre ghradam léi agus bronnadh gradam saoil ar Mhichael Jackson.

[1] Le eitiltí a deirtear
[2] Sa gcrith talún a deirtear

VIFAX 2 Feabhra 2010
Bunleibhéal